

Acht lena leasaítear an Acht Tréidliachta agus Achtanna gaolmhara eile

§ 1. Leasú ar an Acht Tréidliachta

Leasaítear an tAcht Tréidliachta mar seo a leanas:

1) i dtéacs an Achta, cuirtear na focail ‘clár ainmhithe’ in ionad na bhfocal ‘clár ainmhithe feirme’ seachas § 117, sa chás gramadaí iomchuí;

2) Leasaítear alt 2(4) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(4) Tá cigireacht sláinte ar dhuine atá rannpháirteach i láimhseáil ainmhithe talún agus ainmhithe eachaí a choimeádtar de ghnáth chun táirgí ainmhithe agus táirgí geirmeacha a fháil (ainmhí feirmshaothraithe anseo feasta) agus táirgí de bhunadh ainmhíoch seachas seachtháirgí ainmhithe faoi réir an Achta um Ghalair Thógálacha a Chosc agus a Rialú.”;

3) cuirtear alt 3¹ leis an Acht mar a leanas:

“§ 3¹. Peataí

Beidh feidhm ag na forálacha lena rialaítear sainaithint an pheata le modh ríomh-shainaitheantais in-isteach (dá ngairtear *micrishlis* anseo feasta), clárú i gclár na n-ainmhithe agus coimeád taifead an pheata freisin maidir le hainmhí a choinnítear mar pheata de ghnáth chun críocha tráchtála nó speisialta a choinneáil.”;

4) I gclásal 2 d’alt 9, cuirtear ‘in Airteagail 33 agus 34 agus in Airteagal 35(1)(a) agus (b) agus (2)’ in ionad an téacs ‘in Airteagail 33 go 35’;

5) Leasaítear 19(1)8) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(8) a gcéadainm, a sloinne agus a n-uimhir ceadúnais gníomhaíochta gairmiúla a chur lena síniú nuair a bheidh deimhniú á eisiúint maidir le gnáthamh tréidliachta a dhéanamh ar ainmhí,”

6) Cuirtear Fo-alt 1¹ le hAlt 21, agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(1¹) Leagfar síos i reacht Chlár na dTréidlianna an nós imeachta chun an clár a choimeád, lena n-áirítear:

- 1) comhdhéanamh sonraí níos beaichte;
- 2) soláthraithe sonraí agus na sonraí a sholáthraíonn siad;
- 3) freagrachtaí an rialaitheora;
- 4) an nós imeachta chun rochtain a fháil ar na sonraí;
- 5) téarmaí níos sonraí maidir le coinneáil sonraí;
- 6) saincheistanna eagraíochtúla eile.”;

7) Cuirtear fo-alt 5¹ seo a leanas le halt 21, agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(5¹) Beidh sé de cheart ag an rialaitheoir sonraí teagmhála duine atá cláraithe i gclár na dtréidlianna a úsáid chun fógra a bhaineann le gníomhaíochtaí an rialaitheora, fógra maidir le bagairt galair ainmhithe, agus fógra maidir leis an ngá cúnamh a thabhairt chun oibríocht rialaithe galar ainmhithe a chur i gcrích a sheoladh chuig an duine sin. Ar choinníoll go dtoilíonn an duine aonair leis, féadfar a sonraí teagmhála a úsáid freisin chun faireachán nó suirbhéanna a dhéanamh i réimse na sláinte ainmhithe.”;

8) Leasaítear 21(6)3 agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“3) mionsonraí na háite oibre, lena n-áirítear mionsonraí na mbunáidí ainmhithe uile agus na n-áiteanna eile ina gcuireann tréidlia seirbhísí tréidliachta ar fáil ar bhonn buan;”;

9) cuirtear an clásal 3¹ seo a leanas le hAlt 21(6):

“3¹) sonraí maidir le hinniúlacht an tréidlia údaráithe;”;

10) Leasaítear 21(8) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(8) Déanfar sonraí arna mbailiú ar an tréidlia i gcomhréir le fo-alt 6 den alt seo agus arna n-iontráil i gClár na dTréidlianna a choimeád ar feadh 5 bliana ón dáta a chinnfear an t-údarú chun gníomhaíocht ghairmiúil a dhéanamh a dhiúltú nó a chúlghairm nó ón dáta a scoirfidh an t-údarú de bheith bailí. Coinneofar na logaí i gcomhréir le forálacha reacht Chlár na dTréidlianna.”;

11) Leasaítear 21(9) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(9) Tá an duine a chuireann sonraí isteach freagrach as cruinneas na sonraí a iontráiltear i gclár na dtréidlianna. I gcás ina n-athraítear na sonraí a iontráiltear i gclár na dtréidlianna, ní mór iarratas ar athrú sonraí a chur isteach gan mhoill.”;

12) Déanfar Alt 21 a fhorlíonadh le fo-ailt 11 agus 12 leis an bhfoclaíocht seo a leanas ann:

“(11) Foilseoidh an rialaitheoir, le haghaidh úsáid phoiblí, na sonraí seo a leanas a bhaineann le ceadúnas gníomhaíochta gairmiúla i gclár na dtréidlianna chun na gcríoch a shonraítear i gclásal 1 d’fho-alt 2 den alt seo:

1) céadainm agus sloinne an tréidlia;

2) uimhir ceadúnais gníomhaíochta gairmiúla an tréidlia;

3) faisnéis maidir le suíomh na láithreán soláthar seirbhíse ina soláthraíonn an tréidlia seirbhísí tréidliachta ar bhonn buan: contae nó rialtas áitiúil;

4) an téarma chun an cead gníomhaíochta gairmiúla tréidliachta a chur ar fionraí.

(12) Foilseoidh an rialaitheoir, le haghaidh úsáid phoiblí, chun na gcríoch a shonraítear in alt 2(1) den alt seo na sonraí seo a leanas a bhaineann le cearta tréidlia údaráithe atá i gclár na dtréidlianna a thabhairt:

1) sonraí teagmhála an tréidlia údaráithe: uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist;

2) dáta tosaithe an údaráithe;

3) an dáta a rachaidh an t-údarú in éag;

4) limistéar maoirseachta an tréidlia údaráithe: contae agus sonraí sonracha an limistéir mhairseachta.”;

13) Déanfar Alt 30 a fhorlíonadh le fo-ailt 1¹ go 1³ leis an bhfoclaíocht seo a leanas:

“(1¹) Déanfaidh coimeádaí madraí, cat agus firéad, lena n-áirítear iad siúd a choimeádann ainmhithe den chineál sin chun críocha tráchtála nó speisialaithe, socrú chun a n-ainmhithe a shainaithint le micrishlis.

(1²) Féadfar peata de speiceas seachas na cinn a shonraítear i bhfo-alt 1¹ den alt seo a shainaithint le micrishlis arna ceadú ag an mBord Talmhaíochta agus Bia chun an speiceas sin a mharcáil i gcomhréir le fo-alt 2 den alt seo.

(1³) Suiteálfaidh tréidlia an mchicrishlis a úsáidfear chun an t-ainmhí a shainaithint.”;

14) Leasaítear 30(2) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(2) Formheasfaidh an Bord Talmhaíochta agus Bia modh leictreonach sainaitheantais a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh.”;

(15) cuirtear fo-alt (2¹) le halt 30, agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(2¹) Chun modh leictreonach sainaitheantais a úsáidtear chun ainmhithe talún ar coimeád a mharcáil a fhormheas, cuirfidh monaróir nó dáileoir an mhodha sainaitheantais sin iarratas faoi bhráid an Bhoird Talmhaíochta agus Bia.”;

(16) cuirtear fo-alt (3¹) le halt 30, agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(3¹) Foilseoidh an Bord Talmhaíochta agus Bia ar a shuíomh gréasáin liosta na modhanna leictreonacha sainaitheantais arna gceadú i gcomhréir le fo-alt (2) den Alt seo, arna mbriseadh síos de réir táirgeoirí agus dáileoirí.”;

17) Leasaítear Alt 30(4) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(4) déanfaidh duine a bhfuil conradh riaracháin déanta aige leis an mBord Talmhaíochta agus Bia chun an modh sainaitheantais a úsáidtear chun an t-ainmhí talún ar coimeád a mharcáil é sin a eisiúint ar iarratas agus ar chostas an iarratasóra. Ní eiseofar an mhicrishlis a úsáidtear chun ainmhí a mharcáil ach do thréidlia.”;

18) Leasaítear 30(6) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(6) Chun an conradh riaracháin a shonraítear i bhfo-alt 4 den alt seo a thabhairt i gcrích, fógraíonn an Bord Talmhaíochta agus Bia comórtas modhanna sainaitheantais chun ainmhí saothraithe a mharcáil leis an eisiitheoir. Foilsítear fógra comórtais ar shuíomh gréasáin an Bhoird Talmhaíochta agus Bia.”;

19) Cuirtear an t-alt 30¹ seo a leanas leis an Acht:

"§ 30¹. Díolúintí ó cheanglais sainaitheantais

(1) Is é an Bord Talmhaíochta agus Bia a thabharfaidh formheas an údaráis inniúil le haghaidh maolú ar na ceanglais maidir le hainmhithe feirme a shainnithint dá bhforáiltear in Airteagail 39, 47, 53, 54 agus 61 de Rialachán (AE) 2019/2035 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(2) Is é an Bord Talmhaíochta agus Bia a dhéanfaidh an cinneadh an cead dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo a thabhairt nó a dhiúltú laistigh de 30 lá ón iarratas iomchuí a fháil.”;

20) i dteideal Alt 31, cuirtear na focail ‘ainmhí talún ar coimeád-’ in ionad an fhocail ‘Talmhaíocht’;

21) Leasaítear Alt 31(4) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(4) Féadfaidh an t-aire atá i gceannas ar earnáil an bheartais an nós imeachta a bhunú, trí bhíthin rialacháin, maidir le cur i bhfeidhm na maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 41, 48, 59, 60 agus 62 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún, chomh maith leis an nós imeachta chun an t-iarratas ar chur i bhfeidhm na díolúine a iarraidh agus a réiteach.”;

22) Leasaítear Alt 32 agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

"§ 32. Taifid ar pheataí a choimeád

(1) Coimeádfar taifead ar mhadraí, cait agus firéid, lena n-áirítear ainmhithe a choimeádtar chun críocha tráchtála nó speisialaithe, sa chlár ainmhithe.

(2) Déanfar madraí, cait agus firéid a allmhairítear ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó a thugtar chun na hEastóine a chlárú i gclár na n-ainmhithe laistigh den tréimhse seo a leanas:

1) laistigh de mhí amháin ón dáta a bhainfidh coimeádaí an ainmhí an Eastóin amach ar bhonn cead cónaithe nó ón dáta a dtabharfar fógra faoin gcinneadh cead cónaithe a thabhairt dó más náisiúnach eachtrach é de réir bhrí Acht na Náisiúnach Eachtrach;

2) coimeádaí, más náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach, de Bhallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó de Chónaidhm na hEilvéise é nó í, nó más ball de theaghlach náisiúnaigh dá leithéid sin é nó í, laistigh de thrí mhí ó dháta theacht isteach an ainmhí san Eastóin;

3) láithreach, ach tráth nach déanaí ná dhá lá oibre ón dáta a shroichtear ceann scríbe, má aistríodh an t-ainmhí go dtí an Eastóin chun críocha tráchtála.

(3) Déanfar taifid ar pheataí de speiceas seachas na cinn a shonraítear i bhfo-alt 1 den alt seo a choimeád sa chlár ainmhithe más mian leis an gcoimeádaí peata a pheata a chlárú sa chlár ainmhithe.

(4) Déanfaidh coimeádaí madra, cait agus firéid agus coimeádaí peataí dá dtagraítear i bhfo-alt 3 den alt seo an fhaisnéis a shonraítear in § 35(1)7) nó 8) den acht seo maidir leo féin agus leis an ainmhí a choinníonn siad i gclár na n-ainmhithe a chur isteach i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear san Acht seo agus i reachtaíocht arna glacadh ar a bhonn sin.

(5) *Duine a choimeádann ainmhí nach bhfuil úinéir aige nó ainmhí a d'éalaigh ó choimeádaí ainmhithe (ainmhí seachráin anseo feasta) de réir bhrí Alt 37(2) agus (4) den Acht seo déanfaidh sé sonraí a chur isteach chun madra, cat agus firéad a choimeádtar le linn na tréimhse a shonraítear in Alt 5(2) den Acht um Chosaint Ainmhithe agus ainmhí a shonraítear i bhfo-alt 3 den Alt seo a chlárú i gclár na n-ainmhithe in áit ainmhithe chun ainmhithe seachráin a choimeád (dá ngairtear foscadh anseo feasta dídean ainmhithe).*

(6) Déanfaidh gach coimeádaí ainmhithe nó gach coimeádaí peataí ina dhiaidh sin a áirithiú go gclárófar sa chlár ainmhithe athrú coimeádaí madra, cat agus firéid agus coimeádaí peata dá dtagraítear i bhfo-alt (3) den alt seo.

(7) Déanfaidh an tréidlia socrú láithreach chun na sonraí a chur isteach sa chlár ainmhithe:

1) an chéad iontráil ag madra, cat, firéad agus peata a shonraítear i bhfo-alt 3 den alt seo agus ag a choimeádaí tar éis micrishlis a ionphlandú san ainmhí;

2) iontráil a dhéanamh maidir leis an scrúdú tréidliachta ar ainmhí seachráin dá dtagraítear i bhfo-alt 5 den alt seo agus maidir leis an gcóireáil a cuireadh ar an ainmhí tar éis an scrúdaithe nó na cóireála.

(8) Bunófar le rialachán ón Aire atá freagrach sa limistéar na coinníollacha agus an nós imeachta mionsonraithe chun madra, cat, firéad agus peata a shonraítear i bhfo-alt 3 den alt seo a mharcáil agus a chlárú a bheidh le haithint le micrishlis agus le clárú i gclár na n-ainmhithe, na ceanglais chun sonraí a sholáthar agus a chothabháil agus na ceanglais chun micrishlis a athsholáthar.

(9) Íocfar táille stáit as madra, cat, firéad agus peata a shonraítear i bhfo-alt 3 den alt seo a chlárú sa chlár ainmhithe agus as sonraí a mhodhnú i gcás athrú ar choimeádaí ainmhí nó ar choimeádaí peataí de réir an ráta a shonraítear san Acht um Tháillí Stáit.”;

23) Leasaítear teideal alt 33 agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“§ 33. **Pas peataí”;**

24) Aisghairtear Alt 33 (1) go (5);

(25) cuirtear fo-alt (6¹) le halt 33, agus an fhocláíocht seo a leanas ann:

“(6¹) Déanfaidh an tréidlia, agus pas peata á eisiúint aige, uimhir a cheadúnais gníomhaíochta gairmiúla a chur lena shíniú agus na sonraí a bhaineann leis an bpas peata a iontráil i gclár na n-ainmhithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Acht seo agus sa reachtaíocht arna glacadh ar a bhonn.”;

26) In alt 33(8), cuirtear an téacs “An Bord Talmhaíochta agus Bia nó in éineacht leis” in ionad “An Bord Talmhaíochta agus Bia”;

27) leasaítear cuid na habairte tosaigh de § 34(2) agus cuirtear an fhocláíocht seo a leanas inti: “Is é is cuspóir don chlár ainmhithe inrianaitheacht ainmhithe a áirithiú agus, chun maoirseacht éifeachtach tréidliachta agus cigireacht éifeachtach tréidliachta a áirithiú, taifid a choimeád ar na daoine seo a leanas agus ar a ngníomhaíochtaí.”;

28) Cuirtear Clásal 4 le § 34(2), agus an fhocláíocht seo a leanas ann:

“4) coimeádaí madraí, cat agus firéad, agus coimeádaí peataí dá dtagraítear in § 32(3) den Acht seo.”;

(29) cuirtear fo-alt (3¹) le halt 34, agus an fhocláíocht seo a leanas ann:

“(3¹) Leagfar síos i Reacht an chláir ainmhithe na socruithe maidir leis an gclár a choimeád, lena n-áirítear:

- 1) comhdhéanamh sonraí níos beaichte;
- 2) soláthraithe sonraí agus na sonraí a sholáthraíonn siad;
- 3) freagrachtaí na gcomhrialaitheoirí agus na rialaitheoirí;
- 4) an nós imeachta chun rochtain a fháil ar na sonraí;
- 5) téarmaí níos sonraí maidir le coinneáil sonraí;
- 6) saincheistean eagraíochtúla eile.”;

30) Leasaítear 34(4) agus cuirtear an fhocláíocht seo a leanas ann:

“(4) Is é rialtóir chlár na n-ainmhithe de réir bhrí Alt 43⁴ (1) den Acht um Fhaisnéis Phoiblí agus clásal 7 d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1 go 88) an Aireacht Gnóthaí Réigiúnacha agus Talmhaíochta.”;

31) Déantar Alt 34 a fhorlónadh le fo-ailt 5 agus 6 a bhfuil an fhocláíocht seo a leanas iontu:

“(5) Is comhrialaitheoir é rialaitheoir an chláir de réir bhrí Alt 43⁴ (2) den Acht um Fhaisnéis Phoiblí de réir bhrí Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ainmneofar an rialaitheoir i reachtanna chlár na n-ainmhithe.

(6) Beidh próiseálaí an chláir ainmhithe i dteideal sonraí teagmhála duine atá cláraithe i gclár na n-ainmhithe a úsáid chun fógra guaise sláinte ainmhithe agus faisnéis a bhaineann le clár na n-ainmhithe a sheoladh chuig an duine.”;

32) Cuirtear clásail 7 agus 8 le fo-alt 35(1), agus an fhocláíocht seo a leanas iontu:

“(7) i gcás duine nádúrtha a choimeádann peata, a ainm, a chód aitheantais phearsanta nó, ina éagmais sin, a dháta breithe, a uimhir theileafóin, a sheoladh ríomhphoist, a sheoladh cónaithe

agus an fhaisnéis is gá chun an peata atá á choimeád aige a shainithint, chomh maith le faisnéis maidir le haon athrú ar ainm úinéir an pheata agus ar bhás úinéir an pheata;

8) i gcás duine dlítheanach nó duine féinfhostaithe ar coimeádaí ainmhithe é, ainm, cód clárúcháin nó, ina éagmais sin, an cód aitheantais ábhartha, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, ainm an ionadaí, cód aitheantais phearsanta, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus seoladh an ghnó, agus an fhaisnéis is gá chun an madra, an cat, an firéad nó an t-ainmhí dá dtagraítear in § 32(3) den Acht seo atá á gcoimeád ag an gcoimeádaí a shainithint, chomh maith le faisnéis faoi aon athrú ar ainm an choimeádaí agus faoi leachtú an choimeádaí.”;

33) Leasaítear Ailt 35 (3) go (5) den Dréacht-Acht le go léifear mar a leanas iad:

“(3) Diúltóidh an Bord um Chláir agus Faisnéis Talmhaíochta ainmhí a thaifeadadh sa chlár más rud é gur chuir an duine faisnéis bhréagach isteach go feasach nó más rud é gur baineadh an ceart don duine ainmhí den speiceas sin a choinneáil de thoradh cinneadh cúirte.

(4) Cuirfear sonraí isteach sa chlár ainmhithe trí thimpeallacht ríomhsheirbhíse an Bhoird um Chláir agus Faisnéis Talmhaíochta- nó trí thimpeallacht ríomhsheirbhíse eile a dhéanann cumarsáid leis an gclár ainmhithe trí shraith malartaithe sonraí na gcóras faisnéise stáit.

(5) Tá an duine a chuireann faisnéis leis an gclár ainmhithe freagrach as cruinneas na faisnéise atá chuirtear leis an gclár.”;

34) Déanfar Alt 35 a fhorlíonadh le fo-ailt 5¹ go 5³ leis an bhfoclaíocht seo a leanas:

“(5¹) Déanfar iarratas ar leasú a dhéanamh ar na sonraí a iontráladh sa chlár ainmhithe maidir le duine a choimeádann ainmhithe feirme agus a n-áit ghníomhaíochta, chomh maith le hainmhithe feirme agus a ngluaiseachtaí, a chur isteach láithreach, ach tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis an athraithe ar na sonraí.

(5²) Déanfar iarratas chun athrú a dhéanamh ar na sonraí a taifeadadh sa chlár ainmhithe maidir le madra, cat, firéad nó peata dá dtagraítear in alt 32 (3) den Acht seo agus sonraí teagmhála (uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist) a choimeádaí a chur isteach gan mhoill, ach tráth nach déanaí ná dhá lá oibre tar éis an athraithe ar na sonraí.

(5³) Má choinnítear ainmhí seachráin i ndídean, ar dhul in éag na tréimhse a shonraítear in alt 5 (2) den Acht um Chosaint Ainmhithe, cuirfear iarratas isteach gan mhoill chun leasú a dhéanamh ar na sonraí atá taifeadta sa chlár ainmhithe maidir leis an ainmhí agus a choimeádaí dá dtagraítear in ailt 32 (1) agus (3) den Acht seo, ach tráth nach déanaí ná dhá lá oibre tar éis dhul in éag na tréimhse sin, mura sainithneofaí úinéir an ainmhí faoin tráth sin nó mura ndéanfaí cinneadh an t-ainmhí a mharú trí eotanáis de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in § 18 den Acht um Chosaint Ainmhithe.”;

(35) cuirtear fo-alt (6¹) le halt 35, agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(6¹) Coimeádfar na sonraí a bhaileofar ar ainmhí agus ar a choimeádaí agus a thaifeadfar sa chlár ainmhithe de bhun fho-ailt 1(7) agus (8) den Alt seo, agus na doiciméid tacaíochta díobh, ar feadh trí bliana ó dháta taifeadta bhás an ainmhí nó ar feadh 20 bliain ó dháta breithe an ainmhí a thaifeadfar sa chlár. Coimeádfar logaí i gcomhréir le forálacha na rialachán maidir le clár ainmhithe.”;

36) In Alt 49, leasaítear fo-ailt 3 go 5 agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas iontu:

“(3) Tabharfaidh an tréidlia fógra don Bhord Talmhaíochta agus Bia, do choimeádaí an ainmhí agus do choimeádaí an pheata faoi dhiagnóisiú galair ainmhithe infhógartha a shonraítear i bhfo-alt 2 den alt seo nó faoi dhiagnóisiú galair ainmhithe infhógartha eile a

áirítear ar liosta na ngalar ainmhithe infhógartha don Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (dá ngairtear anseo feasta: *galar ainmhithe a áirítear ar Liosta Galar Ainmhithe WOAH*), nó faoi oibreán zónóiseach.

(4) Cuirfidh an tsaotharlann an Bord Talmhaíochta agus Bia ar an eolas faoi aon toradh saotharlainne ina aimsítear galar ainmhithe atá faoi réir fógra a thabhairt dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den Alt seo, faoi ghalar ainmhithe a áirítear i liosta WOAH de ghalair ainmhithe nó ar oibreán zónóiseach, coimeádfaidh sí taifid ar fhionnachtana saotharlainne na ngalar agus na bpataiginí sin agus cuirfidh sí tuarascáil ar na torthaí sin faoi bhráid an Bhoird Talmhaíochta agus Bia.

(5) Bunóidh an t-aire atá freagrach as an limistéar, le rialachán, liosta na zónóisí nach mór a bhfionnachtain a chur in iúl don Bhord Talmhaíochta agus Bia agus liosta na n-oibreán zónóiseach nach mór a bhfionnachtain a thaifeadh i saotharlann.”;

37) Forlíontar Alt 50(2) leis na focail “arna iarraidh sin dóibh” i ndiaidh na bhfocal “na Ballstáit”;

38) forlíontar acht le hAlt 55¹ agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“§ 55¹. Beartha rialaithe eile le haghaidh galair ainmhithe

(1) I gcás amhrais nó ráige de ghalair eipeasótacha eile, cuirfidh an Bord Talmhaíochta agus Bia i bhfeidhm na prionsabail, na modhanna, na moltaí agus na treoirlínte ábhartha arna bhforbairt ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe chun leathadh an ghalair a chosc.

(2) Chun leathadh galar ainmhithe eile a chosc, cuirfidh an coimeádaí ainmhithe bearta bithshlándála iomchuí chun feidhme agus comhlíonfaidh sé treoracha an Bhoird Talmhaíochta agus Bia maidir le rialú galar.

(3) Féadfar bearta sonracha chun galair eipeasótacha eile a chosc agus a rialú a leagan síos le rialachán ón aire atá freagrach as an limistéar.”

39) Leasaítear Alt 92(10) agus cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas ann:

“(10) Oibreoidh an tsaotharlann tagartha ar bhonn plean gníomhaíochta a chuirfear faoi bhráid an aire atá freagrach as an réimse agus a thabharfar cothrom le dáta go rialta. Maoineofar cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta ó chistí arna leithdháileadh ó bhuiséad an Stáit ar an Aireacht Gnóthaí Réigiúnacha agus Talmhaíochta.”;

40) cuirfear “§ 100” in ionad an téacs “§ 99” in Alt 107(1);

41) Cuirtear an t-alt 117¹ seo a leanas leis an Acht:

“§ 117¹. Clár ainmhithe

Measfar gurb é an clár ainmhithe dá dtagraítear in § 34 den Acht seo an clár ainmhithe feirme dá dtagraítear san alt céanna den leagan den Acht seo a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Meitheamh 2027.”;

42) cuirtear §§ 121¹ agus 121² seo a leanas le Roinn 1 de Chaibidil 8 den Acht:

“§ 121¹. Madraí, cait agus firéid a shainaitheint agus a chlárú

(1) Déanfaidh coimeádaithe madraí, cat agus firéad, faoin 1 Eanáir 2028 ar a dhéanaí, socrú maidir le micrishlis a ionphlandú agus clárú an ainmhí sa chlár ainmhithe atá, amhail ón 1 Meitheamh 2027, níos sine ná 12 sheachtain, nach bhfuil á sainaitheint le micrishlis agus nach bhfuil cláraithe sa bhunachar sonraí a úsáidtear chun taifid a choinneáil i gcomhréir leis an nós imeachta atá i bhfeidhm roimh an 1 Meitheamh 2027.

(2) Faoin 1 Eanáir 2028 ar a dhéanaí, déanfaidh coimeádaí madra, cat agus firéid, trí thréidlia, socrú chun a ainmhí nó a hainmhí atá os cionn 12-sheachtain d'aois, atá á shainaitheint le micrishlis agus nach bhfuil cláraithe sa bhunachar sonraí a úsáidtear chun taifid a choinneáil i gcomhréir leis an nós imeachta a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Meitheamh 2027 a chlárú sa chlár ainmhithe amhail ón 1 Meitheamh 2027.

§ 121². Aistriú sonraí

(1) Déanfaidh an rialtas áitiúil aistriú na sonraí a bailíodh amhail ón 31 Bealtaine 2027 maidir le peataí agus coimeádaithe peataí arna mbailiú sa bhunachar sonraí a úsáidtear chun taifid a choinneáil i gcomhréir leis an nós imeachta a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Meitheamh 2027 chuig an Údarás um Chláir agus Faisnéis Talmhaíochta a eagrú i bhfoirm mheaisín-inléite tráth nach déanaí ná an 7 Meitheamh 2027.

(2) Foilseoidh an Bord um Chláir agus Faisnéis Talmhaíochta treoracha níos mionsonraithe maidir le haistriú sonraí i bhfoirm mheaisín-inléite ar a shuíomh gréasáin faoin 1 Márta 2027 ar a dhéanaí.”.

§ 2. Leasú den Ghnámh um Chosaint Ainmhithe

In § 20²(4), § 40(3) agus § 65 den Acht um Chosaint Ainmhithe, cuirtear na focail ‘sa chlár ainmhithe’ in ionad na bhfocal ‘sa chlár ainmhithe feirme’.

§ 3. Leasú ar an nAcht maidir le Póru Ainmhithe Feirme

In § 6(4) agus § 11(5) den Acht um Póru Ainmhithe Feirme, cuirtear na focail “sa chlár ainmhithe” in ionad na bhfocal “sa chlár ainmhithe feirme”.

§ 4. Leasú ar an Acht um Tháillí Stáit

Déanfar na leasuithe seo a leanas ar an Acht um Tháillí Stáit:

1) Cuirtear Alt 51⁴ leis an Acht, agus an fhoclaíocht a leanas ann:

“§ 51⁴. Díolúine ó tháillí stáit a íoc as an gclár ainmhithe a oibriú

(1) Beidh an t-údarás stáit agus an t-údarás áitiúil díolmhaithe ó tháillí stáit a íoc i leith oibriú an chláir ainmhithe is gá chun an cúram a bhfuil siad freagrach as a chomhlíonadh.

(2) Beidh comhlachas neamhbhrabúsach a choimeádann ainmhithe nó ainmhithe gan úinéir a d'éalaigh ón gcoimeádaí de réir bhrí Alt 37(2) agus (4) den Acht Tréidliachta díolmhaithe ó tháillí stáit a íoc as madraí, cait, firéid agus peataí dá dtagraítear in Alt 32(3) den Acht Tréidliachta a chlárú, agus iad marcáilte le micrishlis sa chlár ainmhithe.”;

2) Forlíontar Caibidil 10¹ den Acht le hAlt 5, agus an fhoclaíocht a leanas ann:

“Roinn 5

Oibríochtaí an Bhoird um Chláir agus Faisnéis Talmhaíochta

Foroinn 1

Gníomhaíochtaí a dhéantar bunaithe ar an nAcht Tréidliachta

§ 261³³. Gníomhaíochtaí sa chlár ainmhithe

(1) Íocfar táille Stáit EUR 12 chun madraí, cat, firéad agus peataí dá dtagraítear in Alt 32(3) den Acht Tréidliachta a chlárú sa chlár ainmhithe.

(2) Íocfar táille Stáit EUR 12 as athruithe ar na sonraí a iontráladh sa chlár ainmhithe i ndáil leis an athrú ar choimeádaí madra, cat, firéid agus peata dá dtagraítear in Alt 32(3) den Acht Tréidliachta”.

§ 5. Leasú ar an Acht Bia

In § 7(4)3 den Acht Bia, cuirtear na focail “sa chlár ainmhithe” in ionad na bhfocal “sa chlár ainmhithe feirme”.

§ 6. Leasú ar an Acht um Marcáil Shonrach Breosla Leachtaigh

Déanfar na leasuithe seo a leanas ar Leasú an Achta um Marcáil Shonrach Breosla Leachtaigh:

1) In Alt 3²(1)3), cuirtear na focail “an clár ainmhithe” in ionad na bhfocal “an clár ainmhithe feirme”,

2) In Alt 3⁷(2)3), cuirtear na focail “sa chlár ainmhithe” in ionad na bhfocal “sa chlár ainmhithe feirme”.

§ 7. Teacht i bhfeidhm an Ghnímh

(1) Tiocfaidh an tAcht seo i bhfeidhm an 1 Iúil 2026.

(2) Tiocfaidh Ailt 1(1), (3), (13 go 18), (22 go 25), (27 go 35), (41) agus (42) agus ailt 2 go 6 den Acht seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2027.

Lauri Hussar
Uachtarán na Riigikogu

Taillinn,..... 2025

Arna thionscnamh ag Rialtas na Poblachta ‘...’ 202x

thar ceann Rialtas na Poblachta

(sínithe go digiteach)